C/2024/6812

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Gearmáine

(C/2024/6812)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di, nó a bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Gearmáine 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúchán agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas'caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 28 Aibreán 2021, chuir an Ghearmáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine ([9]), a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an nGearmáin. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 17 Aibreán 2024, thíolaic an Ghearmáin a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus, an 24 Aibreán 2024, thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Gearmáine maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Ghearmáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023 agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an nGearmáin faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. I mí Aibreáin 2024 foilsíodh príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Gearmáine. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an nGearmáin go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann. Go háirithe, tá leochaileachtaí os comhair na Gearmáine a bhaineann leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha. Tá na leochaileachtaí sin ábhartha i gcónaí in ainneoin laghdú áirithe ar an mbarrachas mór sa chuntas reatha thar na blianta, toisc go bhfuil saincheist bhunúsach an éilimh intíre lag agus na hinfheistíochta íslithe, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint léi, fós ann agus tá an fhreagairt bheartais teoranta. Le praghsanna fuinnimh níos ísle, éileamh intíre lag agus trádáil dhomhanda lag, tháinig an barrachas sa chuntas reatha ar ais chuig 5,9 % de OTI in 2023 ó 4,2 % de OTI in 2022. Táthar ag tuar go n-ardóidh sé beagán níos mó i mbliana agus an bhliain seo chugainn ach go bhfanfaidh sé i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. I bhfianaise mhéid gheilleagar na Gearmáine agus a chomhtháthú trádála sa limistéar euro, tá ábharthacht trasteorann ag baint leis. Agus praghsanna tithe ag titim, tháinig laghdú mór i méid na ró-luachála ar phraghsanna tithe, agus bhí tionchar teoranta aige sin ar an gcóras airgeadais go dtí seo, ach is gá fós faireachán a dhéanamh ar eastát réadach tráchtála. D'fhéadfadh brúnna praghsanna agus rioscaí ina dhiaidh sin maidir le ró-luacháil teacht chun cinn arís go luath amach anseo mar thoradh ar an laghdú ar infheistíocht tithíochta. Amach anseo, táthar ag súil le trochlú éadrom ar iomaíochas costais, agus tá teaghlaigh ag tosú ar roinnt cumhachta ceannaigh a fháil ar ais de réir mar a thuartar go bhfásfaidh pá i dtéarmaí réadacha. Tá an téarnamh maidir le hinfheistíocht phríobháideach ag glacadh ama agus measann an Coimisiún go mbeidh tionchar ag an gcomhdhlúthú fioscach ar an éileamh intíre, agus go

([9]) ST 10158/21 INIT; ST 10158/21 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine (ST 15572/23 INIT).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

bhféadfadh sé brú a chur ar an infheistíocht phoiblí. Níor tháinig athrú bunúsach ar na leochaileachtaí bunúsacha foriomlána i dtéarmaí na bearna móire idir coigiltis agus infheistíocht: tá méadú tagtha ar riachtanais infheistíochta thar na blianta, a bhaineann go príomha le hinfheistíocht phoiblí ar an leibhéal réigiúnach agus le hinfheistíocht chorparáideach i gcoitinne, rud a thacódh le fás eacnamaíoch amach anseo. Tá roinnt gníomhaíochta déanta ag an rialtas chun tacú le hinfheistíocht, agus áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine bearta tábhachtacha chun an infheistíocht a chur chun cinn, ach níor tháinig dul chun cinn suntasach as méid na freagartha beartais go dtí seo ná níor leor é chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán foriomlán na hinfheistíochta príobháidí agus poiblí níos airde.

(11) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, d'fhan easnamh rialtais ghinearálta na Gearmáine mar an gcéanna ag 2,5 % de OTI in 2023 i gcomparáid le 2022, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 66,1 % de OTI ag deireadh 2022 go 63,6 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ndéanfadh an Ghearmáin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais airgeadais ([13]) in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Mhol an Chomhairle don Ghearmáin a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí don Ghearmáin chomh maith infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) crapthach, faoi 0,3 % de OTI. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach 0,5 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais 0,2 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,6 % de OTI in 2023, agus méadú bliantúil 0,1 pointe céatadáin ó 2022. Mhaoinigh an Ghearmáin infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an Ghearmáin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla athchóiriú fuinnimh foirgneamh, feabhas a chur ar an mbonneagar luchtaithe do ghluaisteáin leictreacha agus scoileanna a fheistiú don ré dhigiteach. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, réamh-mheastar leis an gcás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha go dtiocfaidh méadú 0,2 % ar an bhfíor-OTI in 2024 agus go dtiocfaidh méadú 1,0 % air in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1¾ % de OTI in 2024 agus go 1 % in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 64 % faoi dheireadh 2024 agus, ina dhiaidh sin, tá sé le laghdú go 63¼ % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1¼ % de OTI in 2026 agus 1½% in 2027, sula dtiocfaidh laghdú air go 1 % in 2028. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha easnaimh an Chonartha de 3 % de OTI, thar thréimhse an chláir. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 63¼ % in 2026, go 63 % in 2027, agus go 62 % in 2028.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 0,1 % in 2024 agus 1,0 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas le ICPT ag 2,4 % in 2024 agus 2,0 % in 2025.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1,6 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 62,9 % faoi dheireadh 2024. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2024 den chuid is mó deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta éigeandála a bhaineann le fuinneamh agus a bhfuil tionchar comhchosúil acu ar an gcóimheas fiachais-OTI. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach le 0,8 % de OTI in 2024.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú na Gearmáine agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 na Gearmáine (IO C 334, 1.9.2022, lch. 35).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 7,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir ionchasach meántéarmach sa Ghearmáin in 2023, agus úsáidtear é sin chun an staid fhioscach a thomhas, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,1 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, an méid céanna a bhí ann in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na Gearmáine.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([15]) don Ghearmáin beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2,5 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([16]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,6 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Gearmáine a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, atá os cionn an uasráta fáis a mholtar. Mar sin féin, bíonn tionchar ag athaicmiú eintiteas iompair phoiblí in earnáil an rialtais ghinearálta le linn na bliana 2023 ([17]) ar ráta fáis réamh-mheasta an ghlanchaiteachais in 2024 a áirítear i réamhaisnéis earrach 2024 ón gCoimisiún, rud a chruthaigh briseadh san amshraith. Gan tionchar an athaicmithe sin, réamh-mheasfaí go dtiocfadh méadú 2,4 % ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, figiúr atá faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ghearmáin gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Ghearmáin a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí coigilte fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,2 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([18]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,1 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, glactar leis go bhfanfaidh an ráta cánach breisluacha laghdaithe ar ghás i bhfeidhm in 2024, cé nach mbeidh ach tionchar beag aige. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeadh coigeartú fioscach 1,1 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil ([19]) a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach 0,8 % de OTI sa bhliain sin. Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Ghearmáin infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 2,6 % de OTI in 2023 go 2,7 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais faoin tSaoráid, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 0,2 % de OTI in 2024.

(20) De bhun bearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1,2 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 62,2 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh agus ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 an éifeacht athfhillteach a bhfuil coinne leis i bhfás OTI den chuid is mó.

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Gearmáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gearmáine 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 38).

([16]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([17]) Tionchar an athaicmithe sin, gabhtar é leis an táscaire fáis ar chaiteachas agus tá éifeacht dhiomaibhseach aige ar an easnamh rialtais trí mhéadú comhchosúil ar ioncaim.

([18]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

([19]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

(21) In ainneoin méadú beag ar an infheistíocht phoiblí mar chéatadán de OTI le blianta beaga anuas, níor choinnigh an infheistíocht phoiblí suas leis na riachtanais infheistíochta sa bhonneagar, san oideachas, san oiliúint, agus san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Tá an infheistíocht ar an leibhéal feidearálach tite faoi bhun na leibhéal dímheasa le bliain anuas, agus tá an ghlaninfheistíocht ar leibhéal an bhardais diúltach le fiche bliain anuas, rud a d'fhág go bhfuil laghdú foriomlán tagtha ar an stoc caipitil. Tá bacainní fós ar an infheistíocht. Bhí an infheistíocht phríobháideach in 2023 fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Go háirithe, tá an t-ualach riaracháin maidir le leathadh amach infheistíochtaí príobháideacha fós ard, go háirithe mar gheall ar cheanglais maidir le doiciméadacht fhorleathan agus ceadúnais fhorleathana chomh maith le heaspa digitithe. Caighdeáin rialála dúshlánacha, difríochtaí rialála ar fud réigiún agus nósanna imeachta fada ceadaithe, cuireann siad bac ar leathnú na n-acmhainneachtaí táirgthe agus nuálaíochta, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh agus na tógála. Cé go raibh líon na dteaghaisí a críochnaíodh in 2023 ar leibhéal na bliana roimhe sin, tá laghdú tagtha ar infheistíocht i bhfoirgnimh chónaithe le trí bliana anuas, in ainneoin ganntanas tithíochta. Tá cineálacha malartacha maoinithe teoranta, go háirithe i gcás gnólachtaí atá i mbun fáis. Tá caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) fós íseal agus tá scaipeadh na teicneolaíochta teoranta.

(22) Tá an daonra in aois oibre á laghdú ag an aosú, rud a chuireann brú aníos ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise. Mar thoradh air sin, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas foriomlán ar phinsin. Cruthaíonn sé sin riachtanas maoinithe suntasach. Thar na blianta, maoiníodh sciar méadaitheach de chaiteachais phinsin trí fhóirdheontais fheidearálacha. Ó 2020 i leith, b'ionann é sin agus os cionn EUR 100 billiún in aghaidh na bliana, thart ar 23 % den chaiteachas feidearálach iomlán. Faoi bheartais gan athrú, meastar go dtiocfaidh méadú breise air sin, rud a chuirfidh brú ar an raon feidhme maidir le caiteachas táirgiúil. Níor baineadh dóthain úsáide as pinsin chuideachta ná as na scéimeanna pinsin phríobháideacha atá bunaithe ar chaipiteal. D'ainneoin iarrachtaí chun úsáid pinsean cuideachta a mhéadú (an dara colún), tá an chumhdach fós ag thart ar 54 %. An fhorbairt atá beartaithe ar 'chaipiteal glúine', lena gcuirfear gné chaipitil sa chóras pinsin reachtúil, maoineofar í trí fhiachas rialtais agus, dá bhrí sin, beidh acmhainneacht theoranta ann chun inbhuanaitheacht pinsean a fheabhsú. Cé go bhfuil ráta fostaíochta na n-oibrithe idir 55 agus 64 bliana d'aois i measc na rátaí is airde san Aontas, tá moill áirithe tagtha ar an méadú ar an aois scoir iarbhír le blianta beaga anuas, agus tá an fhostaíocht san aoisghrúpa os cionn 65 bliana d'aois ar chúl ar na Ballstáit a bhfuil na rátaí fostaíochta is airde acu. Is é is cúis leis sin freisin roghanna luathscoir, rud a chuireann tuilleadh brú ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean.

(23) Tá meascán cánach barrmhaith ríthábhachtach le haghaidh fás níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe chomh maith le hiomaíochas níos láidre. Tá oibrithe sa Ghearmáin ag tabhairt aghaidh ar an dara ding chánach is airde san Aontas. Le cánacha arda i gcomhar le rialacha sochair, laghdaítear dreasachtaí chun líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear a mhéadú, go háirithe do dhaoine ar phá íseal agus don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ar mná iad go minic, mar a léirítear freisin leis an sciar an-ard páirtaimseartha de mhná fostaithe. Is ualach é sin ar sholáthar lucht saothair agus tá an ganntanas lucht saothair atá ann cheana ag dul in olcas dá bharr. Thairis sin, tá sciar na Gearmáine de chánacha comhshaoil faoi bhun mheán an Aontais agus tá sé ag laghdú. Os a choinne sin, tá ceann de na rátaí cánach ioncaim corparáide is airde san Aontas sa Ghearmáin, lena n-áirítear an cháin trádála áitiúil (*Gewerbesteuer*). Cruthaíonn an dteaglaim sin córas cánach atá casta agus doiléir. Tionscnaimh a rinneadh le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha dímheasa agus ar fheabhsuithe ar chreidmheasanna cánach le haghaidh taighde agus forbartha; is bealaí costéifeachtacha iad chun dreasachtaí infheistíochta a leathnú. Ag an am céanna, d'fhéadfaí an córas cánachais chorparáidigh a shimpliú trí raon feidhme na ndíolúintí a laghdú.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU a luaithe a ghlacfar í, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Gearmáine leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Ghearmáin dlús suntasach a chur le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh dá bhainistiú. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Gearmáine agus an Aontais i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus

na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí chun úinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(25) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), tá sé de cheangal ar an nGearmáin gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE +), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an nGearmáin maidir le cláir an bheartais chomhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Tá éagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha fós ann maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht saothair, cé go bhfuil na réigiúin bheagfhorbartha ag breith suas de réir a chéile maidir le táirgiúlacht saothair. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe agus tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Mar chuid den chuspóir feabhas a chur ar an gcumas riaracháin, tá sé tábhachtach acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar chur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, agus nuachóiriú agus digitiú na n-údarás poiblí atá i gceannas ar a gcur chun feidhme a chur chun cinn. Taighde, forbairt agus nuálaíocht a mhéadú i ngach réigiún, go háirithe i réigiúin an oirthir, agus tacú leis an oideachas agus leis an oiliúint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, tá na rudaí sin ríthábhachtach chun éagothromaíochtaí san iomaíochas réigiúnach agus san fhostaíocht réigiúnach a chúngú tuilleadh. Chuige sin, ní mór leanúint de chur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe don aistriú glas agus don aistriú digiteach i réigiúin ina bhfuil earnálacha ardfheidhmíochta. Is gá freisin leanúint d'infheistíochtaí glasa in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh in-athnuaite, in oiriúnú don athrú aeráide agus sa lorg carbóin. Tá forbairt gnó agus tacaíocht do ghnólachtaí, FBManna ach go háirithe, ábhartha i gcónaí. Is tosaíochtaí iad cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, na hoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, mar aon le cuimsiú gníomhach agus feabhas a chur ar infhostaitheacht. D'fhéadfadh an Ghearmáin úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a bhunaítear le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla i dteicneolaíochtaí digiteacha, i dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus i mbiteicneolaíochtaí, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna sna hearnálacha sin.

(26) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais, tá an Ghearmáin i ngleic le roinnt dúshlán a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas ard oibrithe oilte, ar an digitiú agus ar an aistriú glas. Chuideodh tuilleadh infheistíochtaí san aistriú glas agus san aistriú digiteach freisin leis an mbearna infheistíochta coigiltis a laghdú.

(27) Cuireann ganntanais lucht saothair oilte bac ar fhás, ar infheistíocht agus ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Tá thart ar leath de na cuideachtaí sa Ghearmáin ag streachailt chun folúntais a líonadh, fiú san fhadtéarma. Tá baol ann go bhféadfaí an ganntanas scileanna a bheith níos measa fós mar gheall ar thorthaí oideachais atá ag dul in olcas, go háirithe maidir le grúpaí faoi mhíbhuntáiste, mar gheall ar líon suntasach luathfhágálaithe scoile agus mar gheall ar bunscileanna digiteacha laga. De réir Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú ar Dhaltaí, le 10 mbliana anuas tháinig méadú faoi dhó, nach mór, ar líon na ndaltaí ar tearcghnólachtálaithe iad: níl íosleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic ag thart ar thriúr as gach deichniúr daltaí óga sa Ghearmáin agus níl íosleibhéal inniúlachta ag duine as gach ceathrar sa léitheoireacht agus san eolaíocht. Tháinig méadú breise ar thionchar cúlraí socheacnamaíocha agus imirceacha ar thorthaí oideachais. Tá ceann de na sciartha is airde de luathfhágálaithe scoile san Aontas ag an nGearmáin freisin agus tá líon a daltaí a rugadh thar lear ardaithe go háirithe. Céim sa treo ceart is ea an clár feidearálach nua 10 mbliana '*Startchancen*' atá dírithe ar dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó, ach ní chlúdaíonn sé ach suas le 10 % de scoileanna na Gearmáine. Tá inniúlacht sa Ghearmáinis ríthábhachtach d'fhoghlaim agus do chuimsiú éifeachtach, rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht teanga Gearmáinise níos déine, go háirithe do mhic léinn i gcásanna ina labhraítear teangacha seachas an Ghearmáinis sa bhaile. Agus 52,2 % aici in 2023, tá an Ghearmáin faoi bhun mheán an Aontais de 55,6 % de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, agus tá daoine óga ag titim ar chúl ach go háirithe. Is gá feabhas a chur ar sholáthar bunscileanna agus is gá daoine a bhfuil cáilíochtaí ar leibhéal

([20]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([21]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

níos ísle acu agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus a bhfuil leibhéal íseal gnóthachtála acu i margadh an tsaothair a uas-sciliú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, go háirithe in earnáil na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, san earnáil tógála, san earnáil ceardaíochta agus in earnáil na seirbhísí. D'fhéadfaí torthaí scileanna a fheabhsú trí dhlús a chur leis an gcomhar idir fostóirí agus institiúidí oiliúna laistigh d'earnálacha agus thar earnálacha araon, agus trí spleáchas breise ar cháilíochtaí modúlacha/timthrialla gearra. Iarrachtaí breise chun torthaí oideachais a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus scileanna digiteacha a neartú, tá na rudaí sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas ard oibrithe oilte.

(28) Cé go bhfuil iarrachtaí déanta ag an nGearmáin feabhas a chur ar dhigitiú na seirbhísí poiblí, tá an cur chun feidhme fós mall, go háirithe maidir le seirbhísí aonfhoirmeacha, lándigiteacha a chur i bhfeidhm ar fud na mbardas agus na stát cónaidhme (*Länder*). Níor bhain an Ghearmáin a sprioc amach maidir leis na seirbhísí riaracháin uile don phobal agus do ghnólachtaí a dhigitiú faoina sprioc-am dlíthiúil náisiúnta (deireadh 2022, an Gníomh um Rochtain ar Líne (*Onlinezugangsgesetz*)). Measann an Chomhairle Náisiúnta um Rialú Rialála (*Normenkontrollrat*) nach leor cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne agus tá ganntanais réamh-mheasta lucht saothair sainaitheanta aici mar phríomhriosca in éagmais gnóthachain éifeachtúlachta tríd an digitiú. In ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, ní leor an comhordú agus an comhar a dhéantar ar gach leibhéal riaracháin agus is cosúil go bhfuil an úinéireacht maidir le próisis dhigitithe a sholáthar teoranta. Léiríonn Tagarmharc Ríomhsheirbhísí Rialtais an Choimisiúin go bhfuil tearcfheidhmíocht á déanamh ag an nGearmáin freisin maidir le cúloifig a riaracháin a dhigitiú, rud a théann thar raon feidhme an Achta um Rochtain ar Líne. Breis agus 11 000 clár a nuachóiriú agus a nascadh, sa bhreis ar na chéad chéimeanna faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, is príomhchumasóir é ó thaobh an riaracháin phoiblí dhigitigh de. Mar sin féin, is beag dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus laghdaíodh an caiteachas ar bhearta riaracháin phoiblí dhigitigh.

(29) Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an nGearmáin maidir le naisc leathanbhanda snáithíneach a chur in úsáid, tá cumhdach foriomlán na tíre (29,8 %) fós ar an dara ráta is ísle san Aontas. Tá an easpa nasc snáithíní (le cumhdach 25,6 % de theaghlaigh) agus líonraí fíor-ardacmhainne (37,6 %) le sonrú go háirithe i gceantair thuaithe. Bíonn tionchar diúltach ag bearnaí cumhdaigh ar iomaíochas agus cuireann siad bac ar mhéadú táirgiúlachta, go háirithe i gcás FBManna. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar chreatchoinníollacha maidir le himscaradh líonraí, mar shampla trí chumas pleanála agus cur chun feidhme san earnáil phoiblí a mhéadú, chun dlús a chur le cumhdach snáithíní. Chun na spriocanna gréasáin a bhaint amach, beidh gá freisin le feabhas a chur ar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar cheadanna agus le ceadanna a dheonú agus le caighdeánú a dhéanamh ar mhodhanna suiteála eile nach bhfuil chomh huaineach céanna. D'fhéadfadh cur chun feidhme leanúnach Straitéis Ghigighiotáin na Gearmáine na saincheisteanna sin a leigheas agus foráil a dhéanamh d'fheabhsuithe breise. Mar sin féin, d'fhéadfaí aird a thabhairt ar idirghabhálacha poiblí a phleanáil ar bhealach nach mbrúfaidh infheistíochtaí tráchtála amach, e.g. tríd an éileamh ar acmhainní innealtóireachta atá gann a mhéadú.

(30) Chun spriocanna aeráide a bhaint amach, tá gá le tuilleadh iarrachtaí maidir le dícharbónú earnálach don earnáil iompair. Níor bhain an t-iompar spriocanna astaíochtaí bliantúla náisiúnta earnáilsonracha amach ó bunaíodh iad, lena n-áirítear in 2023. Ina theannta sin, dá laghdófaí astaíochtaí carbóin in iompar de bhóthar, chuideofaí go mór le Sprioc na Gearmáine maidir le Comhroinnt Díchill a bhaint amach chun astaíochtaí a laghdú 50 % faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 2005. Tháinig méadú 6,3 % ar an tomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair in 2023. Dá bhfeabhsófaí iontaofacht agus cáilíocht oibríochtaí iarnróid agus dá dtabharfaí aghaidh ar bhearnaí infheistíochta agus ar mhoilleanna san athchóiriú, go háirithe i gcás lasta, chuideofaí leis an éileamh ar iompar poiblí a spreagadh agus leis an mbrú tráchta ar na bóithre a laghdú. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach chun acmhainneacht leordhóthanach a chruthú ar an ngréasán iarnróid chun freastal ar thrácht nua.

(31) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Gearmáine, cuidíonn moltaí (1), (2), agus (3) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh agus an ceathrú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

(32) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúide maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1) thíos. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí atá nasctha leis an mbarrachas mór leanúnach sa chuntas reatha. Cuidíonn moltaí (2), (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1) a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht níos airde. Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus ó thaobh na moltaí a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme, i gcomhréir le haithris 31,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghearmáin in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar ghlanchaiteachas ([22]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. An infheistíocht phoiblí a neartú agus deireadh a chur le bacainní ar an infheistíocht phríobháideach ar mhaithe le borradh a chur faoin iomaíochas. Feabhas a chur ar an spás fioscach don chaiteachas táirgiúil, lena n-áirítear trí thaobh mhaoiniúcháin chóras pinsin an chéad cholúin a athchóiriú. Feabhas a chur ar an meascán cánach ar mhaithe le fás níos cuimsithí agus iomaíochas inbhuanaithe, lena n-áirítear trí laghdú a dhéanamh freisin ar dhídhreasachtaí chun uaireanta an chloig oibrithe a mhéadú, go háirithe don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh.
2. Dlús suntasach a chur leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, caibidil REPowerEU san áireamh a luaithe a ghlacfar í, chun a áirithiú go mbeidh athchóirithe agus infheistíochtaí curtha i gcrích faoi mhí Lúnasa 2026, agus dlús a chur leis na cláir bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar bhainistiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh san am céanna.
3. Aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe oilte, go háirithe trí scileanna bunúsacha agus digiteacha a neartú, agus trí thorthaí oideachais a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar sholáthar na tacaíochta spriocdhírithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Dlús a chur le digitiú an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear trí chumhdach geografach na seirbhísí poiblí digiteacha a mhéadú. Borradh breise a chur faoi imscaradh líonraí cumarsáide digití fíor-ardacmhainne, lena n-áirítear trí chur chun feidhme riachtanach tionscadal infheistíochta príobháidí a éascú agus acmhainní poiblí a shlógadh i gcás inar gá.
4. Dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair, lena n-áirítear tríd an ngréasán iarnróid a uasghrádú.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

([22]) De réir Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.